


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** *(más ábhartha):* | Cliniceoir i Staidéir Chliniciúla Ainmhithe Beaga |
| **Tréimhse an Phoist:** | Téarma Seasta Sealadach 1 bhliain |
| **Bainisteoir Líne:** | An tOllamh Carmel Mooney |
| **Scála Tuarastail:** | €75,000 - €95,000 in aghaidh na bliana |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:** | 020011 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Martyna Wojcik |
| **Iarratais agus Dáta Deiridh:** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre:** | NÍL |

## Achoimre ar an bPost:

Tá deis iontach ag an Rannóg um Staidéar Cliniciúil Ainmhithe Beaga i Scoil an Leighis Tréidliachta in UCD do thréidlia lánaimseartha le haghaidh ainmhithe beaga dul isteach i bhfoireann Ospidéal Tréidliachta UCD. Tacóidh an duine seo le fás leanúnach na Seirbhíse Oinceolaíochta. Tá an ceapachán faoi réir cháilíochtaí agus thaithí na n-iarrthóirí.

Tá trealamh úrscothach ag Ospidéal Tréidliachta UCD lena n-áirítear CT, MRI, ultrafhuaime, raideolaíocht idirghabhálach, ionscópacht agus artrascópacht iomlán, léasair, aonad iaidín radaighníomhach agus seomraí máinliachta agus dianchúraim lánfheistithe. Tá tacaíocht choimhdeach, lena n-áirítear athshlánú agus fisiteiripe ar fáil freisin. Tá 13 chliniceoir speisialaithe sa rannóg faoi láthair lena n-áirítear ceathrar cliniceoirí máinliachta, seisear cliniceoirí leigheas inmheánach agus beirt speisialtóirí ECC. Faigheann an fhoireann seo tacaíocht ó 10 n-intéirneach (a bhíonn ag rothlú agus agus sonrach ó thaobh disciplín de), 9 gcónaitheoir agus foireann choimhdeach. Tá Intéirneach agus altra tréidliachta tiomnaithe ag an tSeirbhís Oinceolaíochta agus tacaíonn Speisialtóir sa Leigheas Inmheánach léi.

Ní mór d'iarratasóirí céim sa tréidliacht a bheith acu atá inchláraithe le Comhairle Tréidliachta na hÉireann (féach www.vci.ie). Go hidéalach, bheadh cáilíocht iarchéime amhail teastas ag an iarratasóir a n-éireodh leis nó bheadh sé incháilithe chun cáilíocht den sórt sin a bhaint amach sa ghearrthéarma.

Cuirfidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis go héifeachtach le rannóg na n-ainmhithe beaga agus le hOspidéal Tréidliachta UCD agus glacfaidh sé páirt i dteagasc fochéime (cliniciúil) agus sna seirbhísí ainmhithe beaga a chuireann an t-Ospidéal ar fáil.